Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Deireadh Fómhair 2025 (OR. en)**

**14031/25**

| | |
|---|---|
| **COHAFA 80** | **ENV 1019** |
| **DEVGEN 175** | **COEST 752** |
| **FIN 1210** | **MAMA 241** |
| **PROCIV 127** | **MOG 121** |
| **COJUR 73** | **COAFR 272** |
| **ALIM 10** | **COASI 124** |
| **SAN 634** | **COLAC 162** |
| **EDUC 384** | **RELEX 1298** |

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>Tuarascáil Bhliantúil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis na hoibríochtaí cabhrach daonnúla a maoiníodh in 2024 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 562 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 562 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.10.2025
COM(2025) 562 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Tuarascáil Bhliantúil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis na hoibríochtaí cabhrach daonnúla a maoiníodh in 2024**

GA GA

**CLÁR**

1. Réamhrá ... 2

2. An comhthéacs domhanda ina gcuirtear cúnamh ar fáil ... 2

   2.1. Comharsanacht an Oirthir agus an Tuirc ... 4

   2.2. An Meánoirthear agus an Afraic Thuaidh ... 5

   2.3. An Áise Thiar Theas agus Leithinis na hAraibe ... 5

   2.4. Oirthear agus Deisceart na hAfraice ... 5

   2.5. An Afraic Thiar agus an Afraic Láir agus Mór-Lochanna na hAfraice 6

   2.6. An Áise Thoir Theas agus an tAigéan Ciúin ... 6

   2.7. Críocha Mheiriceá agus réigiún Mhuir Chairib ... 6

3. Cabhair dhaonnúil leormhaith éifeachtach a chur ar fáil do phobail a bhfuil difear á dhéanamh dóibh ... 7

4. Athbhreithniú ar aon mheasúnú seachtrach arna dhéanamh ar oibríochtaí sonracha ... 9

5. Naisc ábhartha ... 10

Commission européenne/Europese Commissie, 1049 Bruxelles/Brussel, BELGIQUE/BELGIË – Teil. +32 22991111
Oifig: L-86 04/024 – Teil. líne dhíreach +32 229-50911

Rut.KARLSTROM@ec.europa.eu

# 1. RÉAMHRÁ

Leis an tuarascáil seo, cuirtear i láthair príomhghníomhaíochtaí agus príomhthorthaí beartais an Aontais Eorpaigh i réimse na cabhrach daonnúla in 2024, gníomhaíochtaí arna ndéanamh trí Ard-Stiúrthóireacht um Chosaint Shibhialta Eorpach agus Oibríochtaí um Chabhair Dhaonnúil (AS ECHO) sa Choimisiún Eorpach. Ullmhaíodh í de bhun Airteagal 19 de Rialachán (CE) Uimh. 1257/96 ón gComhairle an 20 Meitheamh 1996 maidir le cabhair dhaonnúil, lena gceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle, lena n-áirítear achoimre ag gabháil léi ar na hoibríochtaí a maoiníodh le linn na bliana roimhe sin.

Is é sainordú AS ECHO cuidiú le **beatha daoine a shábháil agus a chaomhnú, le fulaingt an duine a chosc agus a laghdú, agus le sláine agus dínit pobal dá ndéantar difear de dheasca guaiseacha nádúrtha nó tubaistí arb é an duine is cúis leo a chosaint**, cibé acu laistigh nó lasmuigh den Aontas a tharlaíonn na tubaistí sin. Faoin gcuspóir uileghabhálach sin, gníomhaíonn AS ECHO mar dheontóir cabhrach daonnúla agus mar fhreagróir éigeandála an Aontais. Gníomhaíonn sé freisin mar chomhordaitheoir agus mar éascaitheoir maidir le hoibríochtaí cosanta sibhialta ar leibhéal an Aontais trí Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta (SACS). Oibríonn SACS cuid mhaith lasmuigh den Aontas chun cúnamh éigeandála agus cabhair dhaonnúil a chur ar fáil. Dá réir sin, comhlánaíonn sé gníomhaíochtaí cabhrach daonnúla AS ECHO mar a thugtar tuairisc air sa doiciméad seo. Rannchuidíonn gníomhaíochtaí AS ECHO le tosaíochtaí polaitiúla an Choimisiúin a bhaint amach, mar atá i) Eoraip níos láidre sa domhan; ii) an Comhaontú Glas don Eoraip; agus iii) ár ndóigh bheatha Eorpach a chur chun cinn; agus, amach anseo: i) ré nua maidir le Cosaint agus Slándáil na hEorpa; ii) ár gcáilíocht saoil a choinneáil: slándáil bia, uisce agus an dúlra agus; iii) an Eoraip dhomhanda - ár gcumhacht agus ár gcomhpháirtíochtaí a ghiaráil.

Trí AS ECHO, cuireann an tAontas cabhair dhaonnúil ar fáil do dhaoine atá i ngátar ar fud an domhain, faoi threoir phrionsabail dhaonnúla **na daonnachta, na neamhchlaontachta, an neamhspleáchais, na neodrachta** agus an neamh-idirdhealaithe – a chumhdaítear in Airteagal 214 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh – agus sa Chomhdhearcadh Eorpach maidir le Cabhair Dhaonnúil([1]). Déantar cabhair dhaonnúil an Aontais a dháileadh orthu siúd is mó atá i ngátar, gan beann ar a náisiúntacht, a reiligiún, a n-inscne, a mbunadh eitneach nó a gcleamhnacht pholaitiúil. Tugtar aghaidh leis go sonrach freisin ar riachtanais ban, leanaí, daoine scothaosta, daoine breoite agus daoine faoi mhíchumas ([2]) .

# 2. AN COMHTHÉACS DOMHANDA INA gCUIRTEAR CÚNAMH AR FÁIL

Chonacthas leibhéil arda riachtanas daonnúil ar fud an domhain arís in 2024. De réir *Global Humanitarian Overview 2024* [Forléargas Daonnúil Domhanda 2024] ó Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla([3]) , measadh go raibh cúnamh fóirithinte agus cosaint de dhíth ar bheagnach **300 milliún duine ar fud an domhain**.

([1]) Ráiteas comhpháirteach ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát agus iad ag teacht le chéile laistigh den Chomhairle, de Pharlaimint na hEorpa, agus den Choimisiún Eorpach (2008/C 25/01).

([2]) I gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas ar páirtí ann an tAontas Eorpach.

([3]) Global Humanitarian Overview 2024 [EN/AR/FR/ES] | an Oifig um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla

Meastar go bhfuil 122,6 milliún duine ar fud an domhain easáitithe go héigeantach, mar thoradh ar choinbhleacht fhoréigneach, tubaiste de dhéantús an duine, guaiseacha nádúrtha agus tionchair an athraithe aeráide. Tá thart ar 295,3 milliún duine ar fud 53 thír nó chríoch ag dul i ngleic le leibhéil arda maidir le neamhdhaingne ghéar bhia ([4]). Tá leanaí fós i measc na ngrúpaí is leochailí agus is cúis mhór imní iad na treochtaí méadaitheacha maidir le **sáruithe tromchúiseacha in aghaidh leanaí** i gcásanna coinbhleachtaí armtha.

Bhí tionchar tubaisteach ag cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine fós ar an bpobal sibhialta. Bhí cabhair dhaonnúil de dhíth ar níos mó ná 14,6 milliún Úcránach. I Stráice Gaza, tá na riachtanais dhaonnúla ollmhór sna hearnálacha uile. Tá pobal iomlán Gaza (2,1 milliún) neamhchosanta ar rioscaí slándála agus cosanta agus tá siad i mbaol gorta. Ar fud na Súdáine, tá 24,6 milliún duine – os cionn leath an phobail – thíos le neamhdhaingne ghéar bhia, agus tá gorta i gcúig limistéar ar a laghad. Chomh maith leis na géarchéimeanna casta i Maenmar, san Afganastáin, i Háítí, i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, agus i gCorn na hAfraice, agus an ghéarchéim fhada sa tSaiheil, in Éimin, sa Cholóim agus i Veiniséala, léiríonn siad na dúshláin thubaisteacha atá roimh phobail leochaileacha ar fud an domhain a thuilleadh. Cuireann leochaileacht, rialachas loicthe, bochtaineacht struchtúrach, **agus sáruithe forleathana leanúnacha ar an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta (DDI)** leis na coinbhleachtaí agus na géarchéimeanna sin.

Is dúshlán fós é cabhair dhaonnúil a chur ar fáil mar gheall ar an mbearna chistiúcháin atá ag dul i méid agus mar gheall ar ábhair imní maidir le slándáil oibrithe cabhrach. An bhearna chistiúcháin idir na riachtanais dhaonnúla agus na hacmhainní a bhí ar fáil, tháinig méadú uirthi ó easnamh USD 36,8 billiún in 2023 go heasnamh USD 38,5 billiún faoi dheireadh 2024([5]). Tá **an dothuarthacht, an luaineacht, an neamhshláine agus an neamhaird ar DDI** roimh phearsanra daonnúil. Ba í 2024 an bhliain ba mharfaí riamh d'oibrithe cabhrach daonnúla, agus maraíodh 281 oibrí cabhrach ar fud an domhain ([6]). Cuireann **rochtain shrianta nó dhiúltaithe** bac ar chabhair dhaonnúil a chur ar fáil do dhaoine atá i ngátar agus déanann sé cur chun feidhme na mbeart rialaithe is gá níos casta, amhail faireachán ar an láthair agus measúnuithe ar riachtanais.

D'ainneoin na n**dúshlán** sin, **d'éirigh leis an gCoimisiún a chuspóirí a bhaint amach**, faoi na tosaíochtaí agus na príomhghníomhaíochtaí a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le gníomhaíocht dhaonnúil an Aontais a glacadh i mí an Mhárta 2021([7]). In 2024, chuir cabhair dhaonnúil an Aontais cúnamh éigeandála a bhí prionsabálta agus bunaithe ar riachtanais agus ullmhúchán in aghaidh tubaiste ar fáil do dhaoine i 116 thír ar fud an domhain, lenar díríodh ar na daoine is leochailí ([8]) .

I dteannta a chéile, tá an tAontas agus a Bhallstáit ar cheann de na príomhdheontóirí cabhrach daonnúla ar domhan, agus is iad a chuireann thart ar 27,4 % de na ranníocaíochtaí cabhrach daonnúla geallta ar fud an domhain ar fáil. Cuireann an Coimisiún 8 % den chistiú daonnúil domhanda ar fáil([9]) . Socraíodh an buiséad tosaigh ag **EUR 1,89 billiún** in 2024, rud a chuir ar a chumas don Aontas idirghabháil a dhéanamh i ngéarchéimeanna

([4]) 2025 Global Report on Food Crises | FSIN agus GNAFC. 2025. GRFC 2025. An Róimh.
([5]) Défis Humanitaires <Summary : "Falling short ? Humanitarian funding and reform" - Défis Humanitaires>
([6]) 2024 deadliest year ever for aid workers, UN humanitarian office reports | UN News
([7]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le gníomhaíocht dhaonnúil an Aontais: dúshláin nua, na prionsabail chéanna. COM(2021)/110 final
([8]) Chun tacú le cur chuige fianaisebhunaithe maidir le mapáil agus anailís chomhthéacsúil rioscaí agus riachtanas, úsáideann an Coimisiún INFORM.
([9]) Seirbhís Rianaithe Airgeadais na hOifige um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla <Financial Tracking Service>

mórscála daonnúla – lena n-áirítear san Úcráin, sa Phalaistín([10]) agus sa tSúdáin – agus 22 % den bhuiséad tosaigh a ainmniú do ghéarchéimeanna atá ligthe i ndearmad, géarchéimeanna tromchúiseacha fada i gcás nach leor an leibhéal cabhrach idirnáisiúnta atá ar fáil do na pobail a ndéanann na géarchéimeanna sin difear dóibh, amhail sa ghéarchéim sna hOileáin Fhilipíneacha, i Háítí, i Mósaimbíc, nó sa ghéarchéim Shachrámhach. Tar éis roinnt atreisiúchán buiséid ([10]), sháraigh an buiséad bliantúil deiridh le haghaidh 2024 **EUR 2,5 billiún**. Tháinig na hatreisiúcháin a fuarthas le linn na bliana ó na foinsí seo a leanas:

- An Cúlchiste um Chabhair Éigeandála dar luach EUR 573 mhilliún ar an iomlán, is é sin 23 % de bhuiséad daonnúil deiridh an Aontais. Baineadh úsáid as na cistí sin chun cúnamh breise a chur ar fáil mar fhreagairt do ghéarchéimeanna bia i dtíortha éagsúla san Afraic agus san Afganastáin, ar an bhforéigean sa Mheánoirthear, ar an ngéarchéim chasta sa tSúdáin agus ar a héifeachtaí seach-iarmharta ar thíortha comharsanachta, ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, agus ar an ngéarchéim maidir le heasáitiú an phobail i Veiniséala;
- Ath-leithdháileadh ó ionstraimí Cheannteideal VI chun freastal ar na géarchéimeanna sa Liobáin agus sa tSúdáin Theas (EUR 10,37 milliún);
- VAH - *Virement d'Aide Humanitaire* (Airteagal 30.2 den Rialachán Airgeadais), ar leithreasuithe iad nár úsáideadh ó ionstraimí Cheannteideal VI chun freastal ar ghéarchéimeanna nua tar éis an 1 Nollaig 2024; Leithdháileadh EUR 3,3 milliún lena úsáid sa tSiria tar éis chliseadh réimeas Assad;
- Ioncam athshannta ó aisghabhálacha (EUR 2,5 milliún).

Oibríonn an Coimisiún i gcomhar le **thart ar 220 comhpháirtí**, ar cistíodh 127 díobh trí chonarthaí a síníodh in 2024 (féach an liosta in Iarscríbhinn II). Leithdháileadh 42 % de chistiú 2024 ar eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna), 47 % ar ghníomhaireachtaí NA, 10 % ar eagraíochtaí idirnáisiúnta agus 0,5 % ar eagraíochtaí rialtasacha. Cuirtear i láthair in Iarscríbhinn I an buiséad a leithdháileadh ar na príomh-ghéarchéimeanna a cumhdaíodh le gníomhaíochtaí an Choimisiúin in 2024. Seo a leanas achoimre ar na príomhghníomhaíochtaí i réigiúin éagsúla an domhain:

### 2.1. Comharsanacht an Oirthir agus an Tuirc

Bhí tionchar tubaisteach ag cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine ar na milliúin saoránach Úcránach, a raibh bás agus fulaingt sibhialtach, easáitiú ollmhór an phobail, agus scriosadh mórscála an bhonneagair chriticiúil mar thoradh air. Mar thoradh air sin, tá riachtanais dhaonnúla mhóra ann. Tá an staid i limistéir atá níos gaire do na túslínte agus iad siúd atá faoi rialú míleata na Rúise fós thar a bheith míshocair, agus bhí cabhair dhaonnúil de dhíth ar níos mó ná 14,6 milliún duine in 2024. Maidir leis an Moldóiv chomharsanach, d'óstáil an tír thart ar 130 000 dídeanaí ón Úcráin in 2024. In 2024, d'óstáil an Tuirc thart ar 3,1 milliún Siriach faoi chosaint shealadach, chomh maith le 300 000 dídeanaí agus iarrthóir tearmainn cláraithe ó thíortha eile, go príomha an Afganastáin, an Iaráic, an Iaráin agus an tSomáil. Mar fhreagairt ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, chuir an Coimisiún EUR 165 mhilliún ar an iomlán ar fáil, agus EUR 56,2 milliún breise don Mholdóiv, don Tuirc, do Chomharsanacht an Oirthir, do na Balcáin Thiar agus don Áise Láir.

([10]) Ní dhéanfar ainmniú na Palaistíne a fhorléiriú mar aitheantas do Stát na Palaistíne agus tá sé gan dochar do sheasaimh éagsúla na mBallstát ar an gceist sin.

### 2.2. An Meánoirthear agus an Afraic Thuaidh

Mar gheall ar an ngéarú ollmhór ar an bhforéigean sa Mheánoirthear, rinneadh scriosadh mórscála i Stráice Gaza agus mar thoradh air sin tá géarchéim dhaonnúil thubaisteach ann ar scála agus ar dhéine nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo. Le linn 2024, níl rochtain ag pobal iomlán Gaza ar bhia, ar uisce ná ar sheirbhísí bunúsacha amhail cúram sláinte agus dídean. Mar thoradh ar ghéarú na coinbhleachta idir Hezbollah agus Iosrael, rinneadh easáitiú mórscála an phobail. Thairis sin, in 2024, lean an Coimisiún d'aghaidh a thabhairt ar riachtanais dhaonnúla phobal na Siria, chomh maith le riachtanais dhaonnúla na ndídeanaithe de chuid na Siria agus na bpobal óstach leochaileach i dtíortha comharsanacha (an Tuirc, an Liobáin, an Iordáin, an Éigipt agus an Iaráic). Tá roinnt teophointí maidir le heasáitiú éigeantais an phobail san Afraic Thuaidh freisin. Agus iad bailithe le chéile i gcúig champa timpeall Tindouf sa Sahára san Ailgéir, braitheann dídeanaithe Sachrámhacha ar chabhair dhaonnúil sheachtrach. Déanann sreafaí dídeanaithe difear don Libia agus don Éigipt fós tar éis an ghéaraithe ar an bhforéigean sa tSúdáin. Thairis sin, tá an Libia fós ina mórphointe imeachta do shreafaí imirceach measctha chun na hEorpa. Faoi dheireadh 2024, bhí EUR 526,5 milliún i gcúnamh fóirithinte leithdháilte ag an gCoimisiún ar an Meánoirthear agus ar an Afraic Thuaidh.

### 2.3. An Áise Thiar Theas agus Leithinis na hAraibe

Tá an staid dhaonnúil tubaisteach san Afganastáin, agus tá cabhair dhaonnúil de dhíth ar 22,9 milliún duine agus tá aon trian den phobal thíos le leibhéil arda maidir le neamhdhaingne ghéar bhia. Tá beartais diansmachta an Talaban, a ndéanann difear díréireach do mhná agus do chailíní, fós ag cur bac ar ghníomhaíochtaí eagraíochtaí daonnúla sa tír. Tá géarchéim na hAfganastáine ag déanamh difear do thíortha comharsanacha freisin. Tá suas le 6 mhilliún Afganastánach á n-óstáil ag an Iaráin, agus meastar go bhfuil 3,1 milliún Afganastánach ag a bhfuil stádas éagsúil á n-óstáil ag an bPacastáin. Ar Leithinis na hAraibe, tá an choinbhleacht in Éimin ag leanúint ar aghaidh den 11ú bliain, agus tá a pobal thíos le neamhdhaingne ghéar bhia agus míchothú, ráigeanna eipidéimeacha athfhillteacha, easáitiú an phobail agus ábhair imní thromchúiseacha eile maidir le cosaint. Chun freagairt do na géarchéimeanna sa dá réigiún, leithdháil an Coimisiún EUR 366,9 milliún in 2024.

### 2.4. Oirthear agus Deisceart na hAfraice

Tá 28 % de na daoine uile a bhfuil cabhair dhaonnúil de dhíth orthu lonnaithe in Oirthear agus Deisceart na hAfraice. Tá coinbhleacht fhoréigneach, easáitiú an phobail, adhaimsir thimthriallach agus eipidéimí athfhillteacha sa réigiún. Tá an tSúdáin ag dul i ngleic leis an ngéarchéim is mó maidir le heasáitiú daoine, agus tá níos mó ná 14,5 milliún duine díbrithe óna mbaile. Tá níos mó ná leath an phobail thíos le neamhdhaingne ghéar bhia, agus spreag an choinbhleacht foréigean forleathan, lena n-áirítear foréigean gnéasach agus eitneach, earcú leanbhshaighdiúirí, agus mórsháruithe ar DDI. I réigiún Mhór-Chorn na hAfraice – sa tSúdáin Theas, in Djibouti, san Aetóip, sa Chéinia agus sa tSomáil, tá cabhair dhaonnúil de dhíth ar bheagnach 45 mhilliún duine. Tá coinbhleachtaí agus tionchar guaiseacha nádúrtha, amhail triomach, tuilte agus sciorrthaí talún i gceantair ar leith, atá níos measa mar gheall ar an athrú aeráide, ag cur leis an easáitiú inmheánach, le neamhshlándáil an tsoláthair bia agus le sreafaí trasteorann. I nDeisceart na hAfraice, d'fhág triomach fada a spreag El Niño go raibh ar 30 milliún duine ar fud 14 thír thíos le neamhdhaingne ghéar bhia. Bíonn guaiseacha nádúrtha sa réigiún gan stad amhail cioclón trópaiceach Chido agus ráigeanna galair. Leithdháileadh buiséad os cionn

EUR 542,8 milliún chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin agus ar riachtanais dhaonnúla phráinneacha eile sa réigiún in 2024.

### 2.5. An Afraic Thiar agus an Afraic Láir agus Mór-Lochanna na hAfraice

Déanann roinnt coinbhleachtaí réigiúnacha agus idirnasctha difear don Afraic Thiar agus don Afraic Láir, agus is measa fós a n-éifeachtaí mar gheall ar an athrú aeráide. Is géarchéim ghéar fhada í an ghéarchéim in Imchuach Loch Shead, a bhfuil tionchar aici ar Shead, ar Chamarún, ar an Nigéir agus ar an Nígir, le 15 bliana anuas. Sa tSaiheil Láir, cuireann foréigean in aghaidh sibhialtach le heasáitiú éigeantais an phobail sa réigiún sin agus i dtíortha cósta Mhurascaill na Guine. Ar an iomlán, bhí cabhair dhaonnúil de dhíth ar 43,3 milliún duine sa tSaiheil agus réigiún Loch Shead in 2024. Mar thoradh ar an gcoinbhleacht in Oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó lena mbaineann arm an Chongó FARDC, grúpaí armtha éagsúla agus ceannairc M23 a fhaigheann tacaíocht ó Ruanda, tá méadú mór tagtha ar na riachtanais dhaonnúla, lena n-áirítear easáitiú measta 7 milliún duine. Tarlaíonn sáruithe ar chearta an duine agus ar DDI gach lá, mar aon le foréigean forleathan gnéasach agus inscnebhunaithe. Ina theannta sin, bhuail ráigeanna eipidéimeach an víris bolgaí moncaí agus an víris Marburg araon Réigiún Mór-Lochanna na hAfraice in 2024. Chun freagairt do ghéarchéimeanna san Afraic Thiar, san Afraic Láir agus i Mór-Lochanna na hAfraice, leithdháil an Coimisiún buiséad EUR 413,1 milliún in 2024, agus é d'aidhm aige aghaidh a thabhairt ar neamhshlándáil an tsoláthair bia, ar mhíchothú agus ar riachtanais ilearnála.

### 2.6. An Áise Thoir Theas agus an tAigéan Ciúin

In 2024, tháinig méadú ar dhéine na coinbhleachta armtha i Maenmar, rud ba chúis le cuid de na sáruithe is tromchúisí ar DDI a taifeadadh ar fud an domhain. Tá cabhair dhaonnúil de dhíth ar bhreis agus 20 milliún duine sa tír (beagnach 40 % den phobal). Ó bhí coup míleata Tatmadaw in 2021 ann, theith na mílte duine ó Mhaenmar isteach i dtíortha comharsanacha chun tearmann a lorg. Áirítear leis sin an bpobal Róihinse, a dtugann líon mór díobh faoi thurais chontúirteacha farraige. Tá an campa dídeanaithe is mó ar domhan lonnaithe in Cox's Bazar sa Bhanglaidéis, agus beagnach milliún dídeanaí Róihinse gan stát atá spleách ar chabhair á n-óstáil aige. I réigiún an Aigéin Chiúin, d'fhreagair an tAontas do líon méadaitheach tubaistí a bhaineann leis an aeráid. EUR 95,6 milliún a bhí sa bhuiséad in 2024.

### 2.7. Críocha Mheiriceá agus réigiún Mhuir Chairib

Tá Meiriceá Láir agus Meiriceá Theas araon neamhchosanta go mór ar fhoréigean, ar ghuaiseacha nádúrtha, ar bhochtaineacht agus ar neamhionannas i gcomhthéacs ghéarchéim thras-ilchríochach na himirce measctha. Chuaigh géarchéim dhaonnúil Veiniséala go mór in olcas de réir mar a tháinig méadú ar chorraíl pholaitiúil agus shóisialta le linn 2024, agus cuireadh an rochtain ar an gcúram sláinte bunúsach, ar bhia agus ar uisce óil i mbaol go mór. Bhí easáitiú an phobail laistigh den tír agus ar fud an réigiúin máguaird fós ina phríomhstraitéis marthanais, rud a chuir brú ar 7,7 milliún Veiniséalach teitheadh ón tír. Tá tionchar ghéarchéim na himirce agus na ndídeanaithe i Veiniséala le brath sa réigiún ar fad, ón gColóim go dtí Panama, Guatamala, Hondúras, an tSalvadóir agus Meicsiceo. Tá daoine ar gluaiseacht i measc na n-íospartach is leochailí, agus is marthanóirí foréigin iad go minic, lena n-áirítear an choireacht eagraithe. I Háítí, tá 80 % den príomhchathair Port-au-Prince faoi smacht drong agus téann a dtionchar chomh fada le go leor áiteanna eile sa tír. In 2024, mar gheall ar an ngéarchéim i Háítí, fuair 5000 duine bás mar thoradh ar fhoréigean, agus tá 5,5 milliún duine ag fulaingt de bharr

neamhshlándáil an tsoláthair bia. Leithdháil an Coimisiún EUR 165,3 milliún i gcúnamh fóirithinte ar Chríocha Mheiriceá agus ar Mhuir Chairib in 2024.

## 3. CABHAIR DHAONNÚIL LEORMHAITH ÉIFEACHTACH A CHUR AR FÁIL DO PHOBAIL A bhFUIL DIFEAR Á DHÉANAMH DÓIBH

Chun **tacú leis an iltaobhachas** agus le hord idirnáisiúnta riailbhunaithe a chur chun cinn trí ról níos gníomhaí agus guth níos láidre a thabhairt don Aontas ar fud an domhain, choinnigh an Coimisiún comhpháirtíochtaí láidre straitéiseacha agus oibríochtúla ar bun go déthaobhach agus go hiltaobhach araon. Mhol sé feabhas a chur ar an iarracht mhaoiniúcháin dhaonnúil go substaintiúil agus comhroinnt freagrachta níos fearr a bhaint amach i measc deontóirí. Lean an Coimisiún ar aghaidh le cistí comhthiomsaithe([11]) a úsáid chun logánú a chur chun cinn a thuilleadh, mar aon le cistiú arna chur in áirithe chun críche sonraithe, agus oibriú trí **chomhpháirtíochtaí cláir** ([12]) – conarthaí ilbhliantúla chun cistiú solúbtha breise a chur chun cinn – arb é is aidhm dóibh an córas daonnúil a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí. Lean an Coimisiún de pháirt a ghlacadh i bpróiseas an **Mhargaidh Mhóir**([13]), go háirithe maidir le cistiú ardcháilíochta agus gealltanais logánaithe a chur chun feidhme.

Chun cistiú daonnúil an Aontais a chomhlánú, bhain an Coimisiún úsáid as a uirlis inmheánach um fhreagairt dhaonnúil éigeandála – **an Acmhainneacht Eorpach um Fhreagairt Dhaonnúil** ([14]), lena dtacaítear tacú le comhpháirtithe agus lena n-éascaítear cabhair dhaonnúil, lena seachadtar earraí daonnúla agus oibrithe daonnúla a iompar chuig limistéir nach bhfuil rochtain éasca orthu, limistéir nach bhféadfaí cúnamh a chur i bhfeidhm iontu murach sin. In 2024, leis an Acmhainneacht Eorpach um Fhreagairt Dhaonnúil freagraíodh do 16 ghéarchéim a raibh difear á dhéanamh acu do 17 dtír ([15]), agus raon seirbhísí iompair á chur in úsáid, lena n-áirítear eitiltí cairtfhostaithe, agus seirbhísí lóistíochta éagsúla.

- Seoladh 5 319 dtona ar an iomlán d'ábhar cabhrach daonnúla trí 97 n-eitilt chairtfhostaithe, iompar muirí agus iompar de thalamh tríd an Acmhainneacht Eorpach um Fhreagairt Dhaonnúil.
- Bhí 16 683 paisinéirí pearsanra dhaonnúil ar an iomlán, lena n-áirítear 13 shaineolaí a imlonnaíodh leis an Acmhainneacht Eorpach um Fhreagairt Dhaonnúil, á n-iompar ag Eitiltí Cabhrach Daonnúla an Aontais.
- Deonaíodh 851 thona ar an iomlán ó stoc-chairn na hAcmhainneachta Eorpaí um Fhreagairt Dhaonnúil do chomhpháirtithe, ar luach os cionn EUR 4,66 milliún.

Shlóg an Coimisiún a uirlis chistiúcháin éigeandála freisin – an **Bosca Uirlisí Éigeandála**. Is éard atá ann an Uirlis um Práinnfhreagairt Mórthubaistí, an uirlis Eipidéimí, an Uirlis mhionscála agus tacaíocht don Chiste Éigeandála de chuid IFRC um Fhreagairt i gcás Tubaistí. Cuireann sé tacaíocht airgeadais bhreise ar fáil do chomhpháirtithe a fhreagraíonn do thubaistí a thagann chun cinn go tobann, lena n-áirítear líon méadaitheach tubaistí arb í

([11]) An tSúdáin, an Afganastáin, an Úcráin, Veiniséala, an Cholóim, Háítí.
([12]) Comhpháirtíochtaí Cláir.
([13]) An Margadh Mór
([14]) Acmhainneacht Eorpach um Fhreagairt Dhaonnúil - an Coimisiún Eorpach
([15]) An Afganastáin, Buircíne Fasó, Sead, Cúba, Poblacht Dhaonlathach an Chongó, Háítí, Laos, an Liobáin, Mailí, an Nígir, an Phalaistín, Ruanda, San Uinseann agus na Greanáidíní, an tSomáil, an tSúdáin agus an tSiria.

an aeráid is cúis leo. Leis an mBosca Uirlisí Éigeandála, cuireadh thart ar **EUR 52,5 milliún** ar fáil lena dtacaítear le **68 ngníomhachtú**, (méadú 70 % i gcomparáid le 2023), agus 85 oibríocht de chuid an Chiste Éigeandála um Fhreagairt i gcás Tubaistí.

- Gníomhachtaíodh an Uirlis mhionscála 34 huaire, lena n-áirítear chun freagairt do thuilte san Afganastáin, sa Cholóim, sa Chéinia agus i Meicsiceo; agus do chreathanna talún a raibh tionchar acu ar Vanuatú agus ar Chúba.
- Gníomhachtaíodh an Uirlis um Práinnfhreagairt Mórthubaistí 20 uair chun freagairt láithreach do thuilte i dtíortha éagsúla, lena n-áirítear an Bhrasaíl, Maenmar, na hOileáin Fhilipíneacha, an Nigéir agus Vítneam; agus do chioclóin thrópaiceacha sa Bhanglaidéis agus i Mósaimbíc.
- Gníomhachtaíodh an uirlis Eipidéimí 14 huaire le haghaidh: ráig an víris bolgaí moncaí i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó agus Uganda, ráig an víris Marburg i Ruanda, agus ráigeanna calair sa tSúdáin Theas, sa tSomáil agus sa tSaimbia.
- D’athshlánaigh an Coimisiún 85 oibríocht de chuid an Chiste Éigeandála um Fhreagairt i gcás Tubaistí, oibríochtaí a chuir Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg (IFRC) chun feidhme in 62 thír, lena n-áirítear mar fhreagairt ar thuilte, triomach, eipidéimí agus gluaiseachtaí imirce.

Ina theannta sin, in 2024, d’áirithigh an Coimisiún cur i bhfeidhm agus forbairt beartais trí mholtaí a sholáthar do chomhpháirtithe maidir le hoibríochtaí daonnúla ardcháilíochta, comhleanúnacha agus cuntasacha arna gcistiú ag an Aontas.

Tá slándáil bia agus cothú i gcroílár na gclár oibre geopholaitiúil agus geo-eacnamaíochta ó cuireadh tús le cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine. Ós rud é go bhfuil 295,3 milliún duine ar fud 53 thír nó chríoch thíos le neamhdhaingne ghéar bhia agus go bhfuil**gorta** á dhearbhú den chéad uair ó bhí 2017 ann (i gcúig limistéar sa tSúdáin), tá neamhdhaingne ghéar bhia ar an leibhéal is airde riamh. Leithdháil an Coimisiún thart ar EUR 720 milliún le haghaidh **cúnamh bia agus cothaithe agus cosc gorta** in 2024, is é sin 7 % níos mó ná in 2023.

EUR 357 milliún a bhí i g**cabhair sláinte daonnúil** an Choimisiúin ar fud an domhain in 2024. I samplaí de chúram chun beatha daoine a shábháil, áiríodh rochtain a chothú ar chúram sláinte príomhúil agus atáirgthe agus freagairtí leighis ar fhoréigean inscnebhunaithe, ar thacaíocht mheabhairshláinte agus shíceasóisialta, ar chúram tráma agus ar athshlánú. Le linn 2024 thug an Coimisiún freagra chun aghaidh a thabhairt ar na ráigeanna **Calair**, ráigeanna an **víris bolgaí moncaí**(16) agus an **víris Marburg** ar mhór-roinn na hAfraice.

Leanadh d’iarrachtaí abhcóideachta an Choimisiúin chun urraim do **DDI** agus do chosaint oibrithe cabhrach agus sláinte a chur chun cinn trí ráitis phoiblí agus idirghabhálacha i bhfóraim iltaobhacha agus ag imeachtaí ardleibhéil. Chuir an Coimisiún cistiú ar fáil freisin do **thionscadail a bhaineann le DDI**. Áiríodh leis sin tacaíocht don chlár chun sáruithe ar DDI de chuid Choiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge (CICD) a chosc agus chun faireachán ar sháruithe DDI a neartú. Sheol sé tionscnamh chun cabhair choincréiteach a chur ar fáil d’oibrithe daonnúla (Cosaint Oibrithe Cabhrach). Cuireann an sásra tacaíocht agus cosaint ar fáil d’oibrithe daonnúla atá i mbaol nó a d’fhulaing teagmhais chriticiúla.

(16) Dea-shampla de shineirgí an Aontais is ea an fhreagairt ar an víreas bolgaí moncaí. Áiríodh leis an oibríocht comhar leis an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú.

Tá an chosaint fós ina tosaíocht sna hearnálacha daonnúla uile, agus **14 % dá imchlúdach airgeadais foriomlán á leithdháileadh ag an gCoimisiún ar ghníomhaíochtaí cosanta earnála**. Tá tionchar ag géarchéimeanna daonnúla ar mhná, ar chailíní, ar bhuachaillí agus ar fhir ar bhealaí éagsúla agus déanfaidh leochaileachtaí aonair amhail míchumas difear do shaol na ndaoine sin le linn géarchéime. Dá bhrí sin, lean an Coimisiún de phríomhshruthú a dhéanamh ar chuimsiú míchumais agus ar ábhair imní maidir le hinscne agus aois sna hearnálacha idirghabhála uile.

Tá rochtain ar fhoghlaim de dhíth go práinneach ar níos mó ná **234 mhilliún leanbh agus duine óg** a ndéanann géarchéimeanna ar fud an domhain difear dóibh ([17]). Áirítear leis sin 72 mhilliún duine nach bhfuil ar scoil. In 2024, lean an Coimisiún de bhéim a chur ar an **oideachas i gcásanna éigeandála**, agus choinnigh sé infheistíocht ar bun san oideachas ar an leibhéal uaillmhianach de 10 % de bhuiséad tosaigh bliantúil an Aontais um chabhair dhaonnúil, ar luach os cionn EUR 175 mhilliún

Tá an t-athrú aeráide ar cheann de phríomhiolraitheoirí na riachtanas daonnúil sa lá atá inniu ann. Tá méadú ag teacht ar líon agus ar dhéine na nguaiseacha nádúrtha mar thoradh ar ár ndomhan a bheith ag éirí níos teo. Tá an Coimisiún tiomanta ní hamháin do fhreagairt a thabhairt, ach d'ullmhacht i gcás tubaistí freisin. Dá bhrí sin, áirítear comhpháirt ullmhachta in aon trian de na tionscadail dhaonnúla uile arna gcistiú ag an gCoimisiún agus ba é **EUR 79 milliún** an líne bhuiséid ainmnithe maidir le h**Ullmhúchán in aghaidh Tubaiste** in 2024. I mí na Bealtaine 2024, shínigh an tAontas agus **réigiún Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib Meabhrán Tuisceana** ([18]) chun dlús a chur leis an gcomhar maidir le Bainistiú comhtháite Riosca Tubaistí, lena dtacaítear leis an gcur chun feidhme tríd an Ardán Domhanda de chuid IFRC um Athléimneacht in aghaidh an Athraithe Aeráide.

Chun an lorg carbóin agus an damáiste don chomhshaol a bhaineann leis an gcabhair daonnúil a laghdú, tugadh Íoscheanglais sainordaitheacha maidir leis gcomhshaol isteach 2023 i ndáil le gach oibríocht cabhrach daonnúla arna cistiú ag an Aontas). In 2024, rolladh sraith ceardlann agus cúrsaí amach le haghaidh comhpháirtithe agus fhoireann AS ECHO. Lean an Coimisiún de bheith ag cistiú tionscadail nuálaíochta maidir le **cabhair dhaonnúil a ghlasú** agus de bheith ag gníomhú mar Rúnaíocht do Dhearbhú na nDeontóirí Cabhrach Daonnúla maidir leis an Aeráid agus an Comhshaol.

Chun tacú le habhcóideacht agus cur le próifíl chabhair dhaonnúil an Aontais, chruthaigh an Coimisiún réimse táirgí preasa agus ghlac sé páirt i raon leathan **gníomhaíochtaí cumarsáide**. Áiríodh ar na buaicphointí an **feachtas um chabhair dhaonnúil #FeedingHope** a shroich breis agus 70 milliún duine i 10 mBallstát, rud a rinne dúbailt ar na figiúirí ó fheachtais sna blianta roimhe sin. Thug an tríú heagrán den Fhóram Eorpach Daonnúil beagnach 1 500 rannpháirtí ó gach cearn den domhan le chéile.

## 4. ATHBHREITHNIÚ AR AON MHEASÚNÚ SEACHTRACH ARNA DHÉANAMH AR OIBRÍOCHTAÍ SONRACHA

Tá seirbhísí meastóireachta an Choimisiúin freagrach as an bhfeidhm mheastóireachta a stiúradh, a chomhordú, as faireachán a dhéanamh uirthi agus as í a thuairisciú. Soláthraíonn siad torthaí meastóireachta tráthúla, ardcháilíochta chun fianaise a chur ar fáil le haghaidh cinnteoireacht eolasach agus le haghaidh cuntasachta. Féadtar na meastóireachtaí a

([17]) Global Estimates 2025 Update | Education Cannot Wait
([18]) **Meabhrán Tuisceana**

dhéanamh ar bhonn geografach nó téamach, nó féadtar iad a bheith dírithe ar chomhpháirtíocht shonrach. Le hIarscríbhinn III soláthraítear liosta de na meastóireachtaí a rinneadh in 2024 agus de mheastóireachtaí leanúnacha.

## 5. NAISC ÁBHARTHA

- Faisnéis ghinearálta maidir le AS ECHO:

  http://ec.europa.eu/echo/en

- Faisnéis airgeadais maidir le gníomhaíochtaí cabhrach daonnúla an Choimisiúin Eorpaigh in 2024:

  Cinntí maoiniúcháin (pleananna cur chun feidhme daonnúla 2024 - an Coimisiún Eorpach

- Faisnéis oibríochtúil ó bhlianta roimhe sin:

  Cosaint Shibhialta Eorpach agus Oibríochtaí um Chabhair Dhaonnúil | An Coimisiún Eorpach (europa.eu)

- Tuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí 2024:

  Tuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí 2024 – An Chosaint Shibhialta Eorpach agus Oibríochtaí um Chabhair Dhaonnúil (ECHO) - an Coimisiún Eorpach

- Tuarascáil Bhliantúil ar Bhainistíocht agus ar Fheidhmíocht 2024:

  Plean Bainistíocht 2024 – An Chosaint Shibhialta Eorpach agus Oibríochtaí um Chabhair Dhaonnúil - an Coimisiún Eorpach

- Tuarascálacha meastóireachta AS ECHO:

  https://ec.europa.eu/echo/funding-evaluations/evaluations_en

- Sonraí cistiúcháin an Choimisiúin Eorpaigh agus na mBallstát maidir le cabhair dhaonnúil:

  Baile- an Coimisiún Eorpach (europa.eu)